

TAOBH ISTIGH:

Turas go 2
Sambía

Sult & Spraoi- 2
cluiche bord

Torthaí Lá 3
Spóirt

Imeachtaí Eile 3
Spóirt

Laochra Spóirt 3

Turais Scoile 4

Duaiseanna eile 4
a bronnadh

Coláiste Chroí Mhuire

SAMHRADH, 2011

NUACHTLITIR 03

Nóta ón bPríomhoide

A Phobail na scoile a chairde,

Cuirim fáilte ó chroí roimh an tríú eagrán de nuachtlitir na scoile a thugann deis iontach dúinn, mar phobal scoile, breathnú siar ar na rudaí ar fad atá tarlaithé ón eagrán deireadh, agus imeachtaí éagsúla na scoile a cheiliúradh.

An uair cheana bhí muid ag tnúth go mór le bheith ag baint úsáide as an seomra adhmaidíreachta nua. Ag an bpointe seo tá an-úsáid á bhaint as an seomra, agus táimid ag déanamh iontais faoin bhfad a raibh muid gan seomra atá chomh maith leis. Go maire muid a nuaíocht!. Ar an suíomh a raibh an sean seomra tá muid ag súil le balla liathróid láimhe/ iománaíochta a thógáil a bheas réidh do na daltaí ag tús na scoilbliana nua.

leis an dúshlán le dea-thoil, le dícheall agus le dúthracht.

Bhí baint ag an scoil leis an gclár 'Junior Achievement' arís i mbliana agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gcomhlacht áitiúil Cambus Medical, a rinne an-obair leis na ranganna dara bliain gnó. Lean na daltaí clár an-suimiúil, maidir leis an gceangal eacnamaíochta atá idir oideachas agus forbairt gairme. Seo í an chéad uair gur cuireadh ceann de chláracha 'Junior Achievement' ar fáil trí Ghaeilge, agus tá ardchreidiúnt ag dul go **Barry Comerford** ó Cambus Medical dá bharr. Ar ndóigh glacann muid buíochas mór le **Donncha Ó Conghaile** ó Cambus Medical a bhí mar theagascóir ar an gclár sa seomra ranga, agus le Bn. Uí Choileáin, an múinteoir gnó a bhí mar áisitheoir ar an gclár sa scoil.

rinneadh idir ceolchoirmeacha, comórtais ceoil, an seó faisean, na cluichí peile agus iománaíochta, na ranganna agus an club leadóg boird. Ar ndóigh, d'éirigh thar barr le 'Seachtain na Gaeilge' sa scoil i mbliana, bhí na himeachtaí uilig ó pheil go cleamhnas go karaoke an-éagsúil agus an-taitneamhach.

Is deacair a chreidiúnt go bhfuil



Bhronn Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E Cairnes NUIG, teastais ardchumais ar dhaltai a bhain "A" amach i scrúdú an teastais shóisearaigh i staidéar gnó(Ardléibhéal). Ag an mbronnadh bhí na daltaí seo a leanas, Natasha Ní Ghamhnáin, Cathal Ó Cuimín, Cassandra Ní Chearra, Aisling Ní Chnámhsí, Maebh Ní Loinsigh agus Séan Hehir agus múinteoirí Bn Uí Choileáin & Bn Uí Dhiollúin



D'éirigh thar barr le Siofra Ní Chonluain a ghlac páirt sa seó tallainne "Our School's got Talent". Ba mhór an t-éacht é áit a fháil sa bhabhta deirneach nuair a chuirtear san áireamh gur ghlac scoláirí ó mhéanscoileanna ar fud Chonnachta páirt sa seó.

Eagraíodh an seó chun airgead a bhailliú ar son na gCluichí Oilimpeacha Speisialta .

Maidir le rang na hIdirbliana, tá sár-obair déanta acu , fágfaidh mé fúibh féin a gcuid gníomhaíochtaí a léamh, ach ní mór dom a chur i scribhinn ár mbróid astu. Is é ceann de na haidhmeanna atá ag an Idirbhliain ná go dtiocfadh fás agus forbairt ar na daltaí sa chaoi is go nglacfaidís le ról neamhspléach, gníomhach agus freagrach i sochaí a linne. Measann muid ar fad a bhí ag plé leis an dream seo i mbliana gur ghlac said

Chuir rang na hIdirbliana, le cúnamh ón áisitheoir áitiúil le 'Junior Achievement' Claudia Uí Chualáin, agus faoi stiúir Bn. Uí Dhiollúin an cluiche boird 'Sult & Spraoi' le chéile. Táimid an-bhróduil as an gcluiche daite cliste seo a chuireann le cumas páistí óga abairtí gaeilge a chur le chéile (Tuilleadh faoi seo ar lth 2).

Ba dhream siúlach iad daltaí CCM i mbliana, d'imigh said leo go Baile Atha Cliath, go hAcla, go Dún Éidin agus ar ndóigh go Sambía, agus aon áit a raibh siad bhí a gcuid iompair le moladh. Go deimhin, is mór is fiú na himeachtaí seach churaclam a

bliain eile imithe orainn, agus go bhfuil grúpa eile ag fágáil slán linn, le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile ina saol. Guíonn muid gach rath ar rang na hArdteiste agus glacann muid buíochas leo as an am ar chaith siad linn. Guíonn muid rath ar rang an Teastais Shóisearaigh freisin, agus iad ag tabhairt faoina gcéad scrúdú stáite. Le cúnamh Dé beidh samhradh breá agaibh ar fad agus tá súil againn go mbeidh sibh sásta le torthaí bhur gcuid oibre uilig.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas mór a ghlacadh le pobal uile na scoile, leis an mBord Bainistíochta, leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus leis na daltaí ar fad as ucht bhur gcuid oibre ar son na scoile i mbliana. Tá súil agam go mbeidh samhradh breá agaibh ar fad.

Is mise, le meas agus le dea-ghuá ,

Triona Uí Mhurchú,

Príomhoide.

Turas go Sambía

San eagrán deiridh pléadh na gníomhaíochtaí ar far a bhí eagraithe ag lucht na hIdirblíana agus Foróige, le hairgead a bhailiú don turas go Sambía. D'fhág seacht nduine dhéag de lucht na hIdirblíana in éineacht le tuismitheoirí agus dream as Foróige ar an 17ú Aibreán. Chaith siad ós cionn coicíse ann ar fad.

Tugadh ard mholadh dár ndaltaí ó mhuintir Alan Kerins agus ó

Foróige. Léirigh said cinéaltas, crógacht, carthanacht, misneach le linn a dtréimhse anseo agus táimid an-bhródúil astu.

Ní mór dúinn ar fad a thu-

iscint nach saoire a bhí sa turas seo. Gan dabht, b'iontach an deis a fuair siad ach ba mhór an dúshlán é agus is cinnte go bhfanfaidh cuimhní an turais seo leo in sna blianta atá amach rompu.



Alan Kerins ag glacadh seic ar €24,832 ó chailíní na hIdirblíana



“Sult & Spraoí” Cluiche bord dearaithe an rang gnó na hIdirblíana

Maidir le tionscnamh fiontraíochta rang na hIdirblíana i mbliana, cluiche boird dár bh ainm “Sult & Spraoí” an tairge a cuireadh i dtol a chéile. Rinneadh é seo le cúnamh ón áisitheoir áitiúil leis an eagraíocht “Junior Achievements”, Cluadia Ní Chualáin agus faoi stiúir Bn Uí Dhihlúin, múinteoir gnó.

Rinneadh taighde margadh ar fhéidireacht an chluiche le naíonáin bheaga sa cheantar agus bhíodar fhéin agus a gcuid múinteoirí fíor-thógtha leis.


Bhí sé soléir go raibh deis sa mhargadh do chluiche boird, as gaeilge, a chabhraíonn le páistí óga abairtí gaeilge a chumadh.

Bhí 28 iontrálaí ar chomórtas fiontraíochta Junior Achievements agus bhí ár ngnó “Gaisce le Gaeilge” mar

cheann den seacht gcinn a roghnaíodh do chroabh Chonnachta, a bhí in Institiúid Theicneolaíochta Shligigh i mí Márta.

Táimid fíor-bhúioch do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, COGG agus an Coimisinéir Teanga a thug tacaíocht airgid dúinn, agus freisin do G Chló a rinne obair clódaireachta den scoth don tionscnamh seo.

Tá ard mholadh ag dul do dhaltaí na hIdirblíana as ucht na hoibre díograsaí a rinneadh agus iad ag cur an tionscnamh seo le chéile.



Bronnadh na nduaiseanna/Torthaí Lá Spóirt

	Buachaillí ón gCéad bhliain	Cailíní ón gCéad bhliain	Buachaillí Sóisearacha	Cailíní Sóisearacha	Buachaillí Sinsearacha	Cailíní Sinsearacha
Léim Fhada	Cuan MacDubhghail Ian Kent	India Ní Bhrudair Fionnuala Ní Chualáin	Darren Ó Cualáin Tadhg Ó Conghaile	Nell Ní Chonláin Hannah Ní Laoire	Tadhg Ó Caoimh Philip Ó Diollúin	Aisling Hill Laura NicCraith
Caitheamh Meachán	Cian Ó hÉalaí Adam Mac an tSagairt	India Ní Bhrudair Róisín Ní Nualáin	Conor Ó Cadhain Kurtis Ó Cadhain	Nell Ní Chonláin Caoimhe Ní Laoi	Jason Mac an Bhaird Séamus Ó Fátharta	Nina NicLiam Dariona Ní Lorcáin
Poc Fada	Cian Ó hÉalaí Cillín Ó Móráin	Sorcha Ní Fhrighil Méadhú Ní Churraoin	Conor Ó Cadhain Kurtis Ó Cadhain	Laoise Bleasdale Nell Ní Chonláin	Cillín Ó hEo- chaidh Cathal Ó Cualáin	Niamh Ní Dhroighneáin Fiona Ní Chonghaile
Ciceanna Píonóis	Ian Kent Colm Ó Neachtain	Méadbh Ní Churraoin Chloe Ní Chrócaigh	Aaron Ó Crócaigh Darren Ó Cualáin	Hannah Egan Caoimhe Ní Laoi	Aindriú Ó hUrnáí Joe Ó Fátharta	Dariona Ní Lorcáin Fiona Ní Chonghaile
Rásaí - 100m	Cian Ó hÉalaí Ian Kent	Róisín Ní Nualáin Caoimhe Ní Chonghaile	Pádraic Ó Curraoin Mícheál Ó Báin	Sara Ní Chonláin Laoise Bleasdale	Jason Mac an Bhaird Ruairí MacAodh	Niamh Ní Dhroighneáin Fiona Ní Chonghaile
Rásaí - 200m	Cian Ó hÉalaí Ian Kent	India Ní Bhrudair Sorcha Ní Fhrighil	Séan Ó Gathlaíoch Pádraic Ó Féinneadh	Sara Ní Chonláin Nell Ní Chonláin	Jason Mac an Bhaird Mícheál Breathnach	Niamh Ní Dhroighneáin Fiona Ní Chonghaile
Rásaí - 400m	Cian Ó hÉalaí Ian Kent	Sorcha Ní Fhrighil Sorcha Ní Thuathail	Pádraic Ó Curraoin Samuel Casburn Trahan	Laoise Bleasdale	Evan Bleasdale Philip Ó Diollúin	
Tarrant Téide	Bliain 1:(Cailíní & Buachaillí) Padraic MacCathmhaoil, Siofra Ní Fhéinneadh, Sorcha Ní Fhrighil, Dara MacDubhghail, Rónán Ó Coisdealbha, Sadhbh Ní Dhonghaile, Áine Ní Dhomhnaill & Luke Egan		Bliain 2 & 3:(Cailíní & Buachaillí) Conor Ó Cadhain, Kurtis Ó Cadhain, Saoirse Ní Fhatharta, Caoimhe Ní Laoi, Laoise Bleasdale, Kevin Ó Donnabháin, Mícheál Ó Báin & Leona Ní Fhatharta		Sinsir:(Cailíní & Buachaillí) Brian Ó Féinneadh, Edel Bairéad, Nina NicLiam, Eimear Ní Mhaioleoin, Brian MacCathmhaoil, Shane Ó Lorcáin, Aodhán Breathnach & Natasha Ní Ghamhnaí	

Imeachtaí Eile Spóirt

- *Club Leadóg Boird taréis na Scoile ar an gCéadaoin le Máistir Ó Conláin.*
- *Buaiteoirí an chomórtas leadóg boird:*
Cailíní: Dearbhail Ní Chaoimh & Sorcha Ní Fhrighil
Buachaillí: Cuan MacDubhghail & Oisín Mallon
- *Comhgháirdeas leis an bhfoireann iománaíochta– Sraith Iománaíochta Sóisearach C. Roimh an gCáisc bhuaigh siad an chroabh Chonnachta.*
- *Comhgháirdeas le Séamus Ó Conghaile i gcomórtas chraobh Chonnachta, Léim-fhada. D'éirigh leis 6.55m a bhaint amach agus go n-éirí leis i gcrabhbh na hÉireann.*



Mar is gnáth d'eagraigh Máistir Ó Conláin léig sacar ag deireadh na bliana. I mbliana bhuaigh foireann Jack Ó Broin, in éineacht le Jack bhí Séan Ó Gathlaíoch, Evan Tansey, Éanna Ó Griallais, Séamus Ó Conghaile agus Ciarán Ó Féinne.

Laochra Spóirt na Scoile, 2011



Gach bliain tugtar aitheantas do Laochra Spóirt na scoile seo. I mbliana b'iad Éinne Ó hEochaidh agus Niamh Ní Dhroighneáin a fuair an onóir sin. Is peileadóirí agus lúthchleasaithe den scoth iad araon. Sa phictiúr le Éinne tá Maghnus Breathnach, iar-scoláire. Bhí Maghnus mar chúl-báire ar fhoireann peile na Gailimhe faoi 21, a bhuaigh craobh na hÉireann le déanaí





Thuas: Daltaí ón idirbhliain & ón gceathrú bliain a chuaigh go Dún Éidin ar thuras. Iníon Ní Chonchubhair, Bn Uí Ghríofa, In Vesey agus Máistir Ó Mainín, a d'imigh in éineacht leo. Taobh istigh de cheithre lá, d'éirigh leo dul ag sciáil in ionad siamsaíochta, cuairt a thabhairt ar chaisleán Dhún Éidin. Baineadh an-taitneamh as an gcuairt a thug siad ar "Camera Obscura", gan trácht ar thuras na dTaibhsí!!



Turals Scolle

- (Ar Dheis:) Grúpa ón dara bliain a chuaigh ar thuras thar oíche go hAcla le Iníon Ní Chonchubhair. Bhain siad triail as surfáil, surfáil gaoithe agus cadhcáil. D'éirigh go hiontach leo.



- Ar Chlé: Lucht na céadbliana taobh amuigh den RDS i mBaile Átha Cliath. Chonaic siad taispeántas ar "TutanKhamun". Bhuailead siad isteach chuig an Lárionad siopadóireachta "Liffey Valley" ar a mbealach abhaile. Iníon Ní Ráinne & Bn Uí Ghríofa a bhí leo. Bhí an-lá acu!



Bronnadh na nDuaiseanna, 2011



Alan Ó Feinneadha ag glacadh le Corn an tSiúir Regina, de bharr an méid oibre a rinne sé ó thaobh na gaeilge agus na drámaíochta de.

Daltaí na mBliana

- An Chéad Bhliain: Caoimhe Ní Chonghaile & Luke Egan
- An Dara bliain: Áighne Ní Chadhain & Oisín Ó Céidigh
- An Triú Bliain: Frances Ó Domhnaill & Caitriona Ní Dhomhnaill
- Idirbhliain: Caoilfhionn Ó Neachtain & Aoife Ní Chéidigh
- An Ceathrú Bliain: Natasha Ní Ghamhnáin & Cathal Ó Cuimín
- An Cuigiú Bliain: Aedín Ní Loideáin & Eanna Ó Griallais

Coláiste Chroí Mhuire

Fón: 553113

Faics: 553412

Ríomhhost: :colaistechroimhuire@gmail.com



Bronnadh Corn Uí Churraoin ar Chathal Ó Cuimín i mblíana in aitheantas dá chumas matamaitice